Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus le deontais áirithe a íoc.

Déanann cuntas leithreasa 2019 taifead ar chaiteachas ar dhá réimse cláir den Bheartas Eacnamaíoch agus Fioscach agus Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais. Rinneadh figiúirí toraidh 2018 don chlár um Sheachadadh Seirbhísí Comhroinnte a ath-leithdháileadh ar fud an dá chlár seo chun struchtúr nua na Roinne a léiriú.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachtas I gcomparáid leis suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.083 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27/2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás:

***Stoc agus sócmhainní caipitiúla***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), a gcuid stoc inchaite TF. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith á gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn líon na foirne sna ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid sócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd a bhí á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní go bliantúil ar an dá roinn ar bhonn an líon foirne atá iontu. D'ainneoin aon rud thuasluaite, cheannaigh an Roinn Airgeadais sócmhainní áirithe ó 2012 a bhí le haghaidh a húsáide eisiaiche agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo siúd.

Ríomhtar dímheas go bliantúil agus gearrtar é go hiomlán i mbliain na fála/ an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

**Seirbhísí Comhroinnte**

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhróinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

Is é seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistithe agus iniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

**Comhlíonadh soláthair**

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Liostaíodh conradh amháin le luach €73,216, ar mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002. Tá breac-chuntas gairid ar an gconradh leagtha amach thíos:

- Fostaíodh sainseirbhís aistriúcháin chun cabhrú le cás Cúnaimh Stáit a ullmhú. Tá an Roinn tar éis tús a chur le hullmhúchán do phróiseas tairisceana iomaíoch trí *eTenders* le haghaidh aistriúcháin a bhaineann le cúnamh Stáit. Táthar ag súil go gceapfar soláthróir le linn Ráithe 2/2020.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go n-úsáideann an Roinn seirbhísí fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí comhaontaithe leibhéil seirbhíse idir an dá roinn. Feidhmíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt scríofa a faomhadh ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn tionchar ag anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu ar a chuid oibre agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus a cheadaítear agamsa) bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí go tréimhsiúil agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a thógtar le tabhairt fúthu agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Feidhmiúcháin (BB) go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár riosca ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialuithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm,don bhainistíocht agus don Bhord Feidhmiúcháin, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Rioscaí Suntasacha Airgeadais***

Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann don Vóta.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta don bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019 ar ghá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2020

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A Beartas eacnamaíoch agus fioscach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 24,039 | | | |
| | *Forlíontach* | 22,900 | | | |
| | | | 46,939 | 47,542 | 23,016 |
| B Beartas baincéireachta agus seirbhísí airgeadais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 17,057 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,700) | | | |
| | | | 15,357 | 12,624 | 13,121 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 41,096 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,200 | | | |
| | | | **62,296** | **60,166** | **36,137** |
| *Lúide* | | | | | |
| C **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 1,380 | 1,333 | 1,854 |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,716 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,200 | | | |
| | | | **60,916** | **58,833** | **34,283** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,083,438** | **6,364,005** |

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas an chláir | | 37,284 | 14,129 |
| Pá | | 18,957 | 18,109 |
| Neamhphá | | 3,925 | 3,899 |
| **Ollchaiteachas** | | **60,166** | **36,137** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,333** | **1,854** |
| **Glanchaiteachas** | | **58,833** | **34,283** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (104) | | |
| Dímheas | 110 | | |
| | | 6 | 62 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 47 | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | 44 | 500 |
| **Caiteachas díreach** | | **58,883** | **34,845** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 14,495 | 14,279 |
| Measchíosanna | | 1,065 | 1,028 |
| **Glanchostas an chláir** | | **74,443** | **50,152** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 11 | An Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe | 330 | 280 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 13,007 | 12,284 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,959 | 1,910 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 29 | 607 |
| | Lárchiste — Pinsin na nAirí | 200 | 225 |
| | | 15,525 | 15,306 |
| | Costas cionroinnte na cuntasaíochta agus na tacaíochta saoráide do Vótaí eile | (1,030) | (1,027) |
| | | **14,495** | **14,279** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 303 | 481 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 825 | 1,807 |
| Stoic | 2.3 | 18 | 15 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 226 | 242 |
| Réamhíocaíochtaí | | 420 | 301 |
| Ioncam fabhraithe | | 15 | 117 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,504 | 2,482 |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 254 | 190 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 680 | 544 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 371 | 1,505 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 1,305 | 2,239 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 199 | 243 |
| **Glansócmhainní** | | **502** | **724** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **502** | **724** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 591 | 497 | 388 | 1,476 |
| Breiseanna | 92 | 12 | — | 104 |
| Diúscairtí | — | — | (64) | (64) |
| Coigeartú [a] | (298) | (105) | (7) | (410) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 385 | 404 | 317 | 1,106 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 418 | 273 | 304 | 995 |
| Dímheas don bhliain | 43 | 29 | 38 | 110 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (64) | (64) |
| Coigeartú [a] | (199) | (34) | (5) | (238) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 262 | 268 | 273 | 803 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **123** | **136** | **44** | **303** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 173 | 224 | 84 | 481 |

Nóta [a] Tá coigeartú déanta chun cuntais na Roinne a chur ar aon dul le Ciorclán 27/2019.

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta | 825 | 1,807 |
| Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála | — | — |
| | **825** | **1,807** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 8 | 8 |
| Ábhar inchaite TF | 10 | 7 |
| | **18** | **15** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 45 | 71 |
| Óinchistí taistil | — | 1 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar scéim na bpasanna taistil | 143 | 158 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 38 | 12 |
| | 226 | 242 |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 238 | 238 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 155 | 149 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 64 | 39 |
| Cáin bhreisluacha | 33 | 20 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 57 | 1 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 2 |
| Muirear soisialach uilíoch | 49 | 52 |
| | 597 | 501 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 66 | 4 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 2 | — |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 15 | 39 |
| | **680** | **544** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 2,083 | 6,364 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (1,712) | (4,859) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | 371 | 1,505 |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 825 | 1,807 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 226 | 242 |
| | 1,051 | 2,049 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (597) | (501) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (83) | (43) |
| | (680) | (544) |
| | 371 | 1,505 |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | 724 | 1,286 |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 60,916 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,083) | | |
| Glanvóta | | | 58,833 | 34,283 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 14,495 | 14,279 |
| Mír nach mír airgid tirim í – coigeartú sócmhainní caipitil | | | (172) | - |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,065 | 1,028 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (74,443) | (50,152) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **502** | **724** |

## 2.8 Dliteantais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastacháin faoi dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **17** | **4** |

## 2.9 Dliteanais Theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar bun maidir leisan gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB) agus *Permanent TSB* (PTSB). Tá na caingne sin á gcosaint faoi láthair agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Soláthraíodh cosaintí tríú páirtí áirithe (i bhfoirm barántaí agus slánaíochtaí) i dtaca le díol *Irish Life Limited*, diúscairt nótaí caipitil theagmhasaigh Bhanc na hÉireann, diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus leachtú na CÉRB.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Cionroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 19,044 | 18,957 | 18,109 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 905 | 816 | 759 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,410 | 1,609 | 926 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 393 | 275 | 331 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 1,022 | 793 | 780 |
| vi | Speansais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,050 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | | 650 | 432 | 1,105 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | | 20 | — | — |
| | | | **23,444** | **22,882** | **22,010** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.41 milliún, toradh: €1.609 milliún*

Tharla an t-athraitheas de €199,000 mar gheall ar chostas rátaí diúltacha úis ar iarmhéideanna bainc, costas nua don vóta in 2019. Rinneadh cuid den t-athraitheas seo a fhritháireamh ag coigilteas ar bhainistíocht saoráidí agus níos lú caiteachais ar chúrsaí oiliúna ná mar a rabhthas ag súil leis.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €393,000, toradh: €275,000*

Eascraíonn an t-athraitheas seo de €118,000 den chuid is mó mar gheall gur aistríodh feidhmeanna go Baile Átha Cliath ó oifig na Tulaí Móire a d’fhág go raibh minicíocht laghdaithe i gceist le teachtairí idir oifigí na Roinne.

v **Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €1.022 milliún, toradh: €793,000*

Tharla an t-athraitheas de € 229,000 mar gheall ar thionscadail chaipitil phleanáilte a ndearnadh buiséad dóibh, nár tharla i rith na bliana agus sábháladh thart ar €140,000 i gcoinne an mheastacháin, rinneadh an chuid eile trí choigilteas sa bhuiséad reatha ar an bhfo-cheannteideal seo ar fud na rannán go léir.

vi **Speansais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €2.05 milliún, toradh: €432,000*

Tharla an t-athraitheas de €1.618 milliún mar gheall ar thionscadail chaipitil phleanáilte a ndearnadh buiséad dóibh, nár tharla i rith na bliana agus sábháladh thart ar €1.5m i gcomparáid leis an meastachán dá thoradh, bhí an chuid eile déanta suas de chaiteachas reatha níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcuid de na foirgnimh atá á n-áitiú ag an Roinn.

## Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán-pá | | 9,141 | 9,995 | | 9,600 |
| A.2 | Riarachán-neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,878 | | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | | | | |
| | | | 2,178 | 1,946 | | 1,970 |
| A.3 | Coistí agus coimisiúin | | 370 | 318 | | 314 |
| A.4 | Seirbhísí comhair-leoireachta agus seirbhísí eile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,150 | | | | |
| | *Forlíontach* | 23,600 | | | | |
| | | | 24,750 | 24,963 | | 1,091 |
| A.5 | Deontas breosla | | 10,500 | 10,320 | | 10,041 |
| | | | **46,939** | **47,542** | | **23,016** |

**Athruithe suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ba é an meastachán bunaidh ná €24.039 milliún. Fuarthas meastachán forlíontach de €22.9 milliún. Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €23.503 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtosach go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas (míníodh neamhphá Riaracháin thuas cheana):

**A.1 Riarachán-pá**

*Soláthar meastacháin €9.141 milliún, toradh: €9.995 milliún*

Bhain an t-athraitheas caiteachais de €854,000 le baill foirne a buiséadaíodh le sannadh i gclár B a sannadh do chlár A. Deonaíodh vírmint cheadaithe don athraitheas seo.

**A.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €1.15 milliún, toradh: €24.963 milliún*

Eascraíonn an t-athraitheas seo as socrú dlíthiúil ar tháinig an Roinn air maidir le dlíthíocht a tugadh ina coinne (féach ar nóta 6.3 thíos). De bharr thoradh na socraíochta seo, bhí an toradh €23.813 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Soláthraíodh meastachán forlíontach de €23.6 milliún chun an t-athraitheas seo a chlúdach, agus deonaíodh vírmint cheadaithe don difríocht €200,000 idir an soláthar forlíontach agus an toradh.

## Clár B Beartas Baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán-pá | | | 9,903 | 8,962 | 8,509 |
| B.2 | Riarachán-neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,922 | | | |
| | | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | | 2,222 | 1,979 | 1,929 |
| B.3 | Coistí agus coimisiúin | | | 30 | 27 | 18 |
| B.4 | Seirbhísí comhair-leoireachta agus seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,252 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 2,252 | 964 | 1,715 |
| B.5 | Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais | | | 950 | 692 | 950 |
| | | | | **15,357** | **12,624** | **13,121** |

**Athruithe suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ba é an meastachán bunaidh ná €17.057 milliún. Fuarthas meastachán forlíontach de €1.7 milliún. Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €4.433 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhí baint ag €1.184 milliún le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é. Bhí an t-athraitheas eile mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

**B.1 Riarachán-pá**

*Soláthar meastacháin €9.903 milliún, toradh: €8.962milliún*

Bhain an t-athraitheas caiteachais de €941,000 le baill foirne a buiséadaíodh le sannadh i gclár B a sannadh do chlár A. Deonaíodh vírmint cheadaithe don athraitheas seo.

**B.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €3.252 milliún, toradh: €964,000*

Mínítear mar seo a leanas an t-easnamh caiteachais de €2.288 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin: mar gheall ar chineál an fho-cheannteidil seo ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus caithfear buiséid a shocrú ar leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Laghdaíodh an soláthar meastacháin faoi €1 milliún le meastachán forlíontach.

**B.5 Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais**

*Soláthar meastacháin €950,000, toradh: €692,000*

Mínítear mar seo a leanas an t-easnamh caiteachais de €258,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin: tá an fo-cheannteideal seo faoi stiúir an éilimh agus bhí an maoiniú a theastaigh i mbliana ag Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis toisc go raibh líon na ngearán pinsin a fuair an Oifig níos ísle ná mar a measadh agus an buiséad á socrú aici.

# Nóta 4 Fáltais

## Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Forchúiteamh speansais áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 400 | 523 | 942 |
| 2 | Ilghnéitheach | 100 | 114 | 115 |
| 3 | Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 880 | 696 | 797 |
| | **Iomlán** | **1,380** | **1,333** | **1,854** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-áit siúd ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

**1 Speansais áirithe a fhorchúiteamh i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta**

*Meastachán: €400,000, réadaithe: €523,000*

Bhí an méadú de €123,000 de thoradh gur socraíodh an buiséad maidir le forchúiteamh 2019 ag leibhéal stuama toisc nach bhféadfaí uainiú agus méid an chéanna a thuar le cinnteacht agus na meastacháin á n-ullmhú.

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €880,000, réadaithe €696,000*

Tháinig an laghdú €184,000 mar thoradh ar athruithe ar ríomh na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean a rinneadh mar thoradh ar chomhaontú Bhóthar Haddington.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Bailithe | 42 | 1 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (42) | (1) |
| Iarmhéid mar a bhí ag 31 Nollaig | — | — |

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Comhionann le fostaithe lánaimsire** | | |
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 301 | 312 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 16,836 | 16,332 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 114 | 113 |
| Liúntais eile | 462 | 225 |
| Ragobair | 179 | 180 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,366 | 1,259 |
| **Pá iomlán** | **18,957** | **18,109** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 15 | 5 | 30,682 | 38,696 |
| Liúntais eile | 97 | 0 | 4,693 | 54,252 |
| Ragobair | 57 | 7 | 25,149 | 14,187 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 13 | 7 | 28,673 | 35,511 |

### 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas de €299,916 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 39 | 43,664 | 41,924 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 31 | 29,495 | 4,437 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Feidhmeanna an chórais bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna den chóras baincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 de 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an GBCN ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe. Thabhaigh GBCN €1.3 milliún de chostais chomhairleoirí gairmiúla maidir leis sin i rith 2019.

### 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa[a] | 27 | 18 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe[b] | 318 | 314 |
| | 345 | 332 |

Nóta [a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi Alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997) ná comhairle a thabhairt i dtaca le:

- feabhas a chur ar bhainistíocht na gcomhar creidmheasa
- cosaint leas chomhaltaí agus chreidiúnaithe na gcomhar creidmheasa agus
- nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a n-iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire, ó am go ham, a lorg ar mhodh comhairle ón gCoiste.

[b] Gníomhaíonn an Bord Míochaine Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe mar chomhlacht achomhairc do na hiarrthóirí sin ar diúltaíodh teastas míochaine príomhúla dóibh ag oifigeach sinsearach míochaine i dtaca le Scéim na dTiománaithe faoi Mhíchumas agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Lámhaltais Chánach). Bunaíodh an Bord i 1989.

## 6.3 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí arna n-íoc ag Oifig/Roinn** | **Socraíochtaí dlíthiúla** | **Costais dlí dáfa** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí | 1 | 315 | — | — | 315 | — |
| Socraíochtaí dlíthiúla [a] | 2 | — | 24,000 | — | 24,000 | — |
| **Iomlán** | | **315** | **24,000** | — | **24,315** | — |

Nóta [a] Íocadh € 24 milliún chun costas socraíochtaí dlí a rinne an Stát a íoc tar éis comhairle a fháil óna ionadaithe dlí. Baineann na socraíochtaí le himeachtaí dlí fada a éiríonn as an gcáin aerthaistil a tugadh isteach i mBuiséad 2009.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce Oifig an Aire Airgeadais

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail deireadh Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | Tréimhse chuntas-aíochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúch-óireachta | Dáta faighte ag an Aire/Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Banc Ceannais na hÉireann | 2018 | 19 Már 2019 | 29 Bealt 2019 | 29 Bealt 2019 |
| Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) | 2018 | 20 M Fómh 2019 | 23 M Fómh 2019 | 23 M Fómh 2019 |
| Ciste na gComhar Creidmheasa | 2018 | 12 Meith 2019 | 21 Meith 2019 | 21 Meith 2019 |
| An Bord Athchóiriú Comhar Creidmheasa | 2016 | 28 Iúil 17 | 16 Lún 17 | 16 Lún 17 |
| Cuntais Airgeadais | 2018 | 18 Meith 2019 | 20 Meith 2019 | 17 Iúil 18 |
| An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean | 2018 | 6 Noll 2019 | 14 Feabh 2020 | 14 Feabh 2020 |
| Cuntas Chiste na nEastát Dí-Thiomnacha | 2018 | 16 Noll 2019 | 23 Noll 2019 | 27 Noll 2019 |
| Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann | 2018 | 13 Már 2019 | 13 Bealt 2019 | 13 Bealt 2019 |
| Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 2018 | 7 Lún 2019 | 17 M Fómh 2019 | 17 M Fómh 2019 |
| Cuntais Iasachtaí Áitiúla | 2018 | 19 Noll 2019 | 23 Noll 2019 | 27 Noll 2019 |
| Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 2018 | 7 Bealt 2019 | 16 Bealt 2019 | 30 Bealt 2019 |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 2018 | 16 Bealt 2019 | 1 Iúil 2019 | 1 Iúil 2019 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 2018 | 18 Aib 2019 | 27 Meith 2019 | 27 Meith 2019 |
| Cuntas Ilairgid | 2018 | 18 Noll 2019 | 23 Noll 2019 | 27 Noll 2019 |